Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**8038/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0079 (NLE)**

**UK 9**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 195 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir le cinneadh a ghlacadh chun an Comhaontú sin a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 195 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 195 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.5.2020
COM(2020) 195 final

2020/0079 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir le cinneadh a ghlacadh chun an Comhaontú sin a leasú**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Molann an Coimisiún go mbunóidh an Chomhairle an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') maidir le cinneadh ón gComhchoiste chun an Comhaontú sin a leasú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

Leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na socruithe maidir le tarraingt siar ordúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

### 2.2. An Comhchoiste

Beidh an Comhchiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar comhdhéanta d'ionadaithe ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Beidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh air. Leagtar síos rialacha nós imeachta an Chomhchoiste in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad ar iarratas ón Aontas nó ón Ríocht Aontaithe agus is de chomhthoiliú a shocróidh an Comhchoiste sceideal na gcruinnithe agus clár na gcruinnithe.

Leagtar síos cúraimí an Chomhchoiste in Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus is é atá iontu go príomha:

- maoirseacht ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go díreach nó trí bhíthin obair na gcoistí speisialaithe a thuairisceoidh dó;
- cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna dá bhforáiltear ann;
- fadhbanna a sheachaint agus díospóidí a réiteach i ndáil le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

### 2.3. An Cinneadh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh lena leasófar an Comhaontú um Tharraingt Siar, de bhun Airteagal 164(5)(d) den Chomhaontú, chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó easnaimh, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú um Tharraingt Siar, ar choinníoll nach ndéanfaidh na modhnuithe sin eilimintí ríthábhachtacha an Chomhaontaithe sin a leasú.

Is é cuspóir an chinnidh atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar nithe a fágadh ar lár agus easnaimh nach ndéanann leasú ar eilimintí bunúsacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar. I gcomhréir le Riail 9 de na

Rialacha Nós Imeachta, sonrófar i gcinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

## 3. Seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

### 3.1. Cuid a Cúig maidir le Forálacha Airgeadais

De bhrí gur tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús mar gheall ar shíneadh a bheith curtha le stádas na Ríochta Aontaithe mar Bhallstát den Aontas arís agus arís eile, beidh roinnt coigeartuithe teicniúla de dhíth.

*3.1.1. Baineann Airteagal 135 le ranníocaíocht agus rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcur chun feidhme bhuiséid an Aontais. Tá sé mar aidhm aige gnáth-ranníocaíocht agus gnáth-rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i mbuiséid an Aontais a áirithiú ó dháta an tarraingt siar go dtí deireadh na hidirthréimhse. De bhrí gurbh é an 31 Eanáir 2020 an dáta a tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas, is iomchuí, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, an tagairt don bhliain 2019 a scriosadh sa teideal agus i mír 1 d'Airteagal 135 den Chomhaontú.*

*3.1.2. Baineann Airteagal 137 le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais ó dháta tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas go dtí deireadh na hidirthréimhse. De bhrí gurbh é an 31 Eanáir 2020 an dáta a tharraing an Ríocht Aontaithe as an Aontas, is iomchuí, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, an tagairt don bhliain 2019 a scriosadh sa teideal agus i mír 1 d'Airteagal 137 den Chomhaontú.*

*3.1.3. Baineann Airteagal 143 leis na dliteanais airgeadais theagmhasacha a bhaineann le hiasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais, CEIS, CEFI agus an tsainordaithe iasachtaithe sheachtraigh. Tá roinnt oibleagáidí tuairiscithe ar an Aontas ann a bhfuil a ndátaí tagartha istigh cheana féin. Is é an 31 Iúil 2019 an chéad dáta arbh é an dáta é a raibh coinne leis an gcéad tuarascáil inar léiríodh cás oibríochtaí airgeadais faoi Airteagal 143 ar dháta tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontais. De bhrí gurbh é an 31 Eanáir 2020 dáta an tarraingt siar, is gá mír 1 d'Airteagal 143 a mhodhnú ionas go mbeidh an chéad tuarascáil le cur isteach an 31 Iúil 2020. Is gá freisin na tagairtí do 2019 sa chuid eile den mhír sin a scriosadh.*

*3.1.4. Baineann Airteagal 144 le hionstraimí airgeadais faoi chur chun feidhme díreach nó indíreach a mhaoinítear le cláir CAI 2014-2020 nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin. Tá tagairt ann don chéad tuarascáil ina léireofar an staid maidir le hoibríochtaí faoi Airteagal 143 agus dáta na tuarascála sin. Is gá dá bhrí sin an tagairt don dáta sin in Airteagal 144(1) a mhodhnú.*

*3.1.5. Baineann Airteagal 150 le dliteanas leanúnach na Ríochta Aontaithe agus le haisíoc an chaipitil íoctha faoi chuimsiú an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) in dhá thráthchuid déag. Tá ann dáta na chéad ranníocaíochta faoi chuimsiú aisíocaíocht an chaipitil íoctha ó BEI leis an Ríocht Aontaithe (an 15 Nollaig 2019), agus é de chuspóir leis sin an aisíocaíocht a thosú ag deireadh na bliana a tharlódh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. De bhrí gurbh é an 31 Eanáir 2020 dáta an tarraingt siar, is gá an tagairt don dáta sin a mhodhnú. Tá sé beartaithe, tar éis plé a dhéanamh le BEI, foráil a dhéanamh maidir leis an gcéad tráthchuid in 2020 agus go sonrach an 15 Deireadh Fómhair 2020. De bhrí go gcuirfear tús leis an aisíocaíocht bliain amháin níos déanaí is gá freisin modhnú a dhéanamh ar dháta na*

*híocaíochta deiridh, íocaíocht ar cheart í a dhéanamh an 15 Deireadh Fómhair 2031. Ba cheart mír 4 d'Airteagal 150 a leasú dá réir.*

*Foráiltear le hAirteagal 150 freisin go gcuirfidh BEI neamhchosaint na Ríochta Aontaithe in iúl faoi oibríochtaí airgeadais BEI an 31 Iúil 2019. De bhrí gurbh é an 31 Eanáir 2020 dáta an tarraingt siar, is gá dáta na teachtaireachta sin a mhodhnú i mír 8 ionas go mbeidh an tuarascáil sin le cur isteach an dáta céanna ach bliain níos déanaí, i.e. an 31 Iúil 2020.*

*In Airteagal 150 tá oibleagáid ar BEI an neamhchosaint atá fágtha ag an Ríocht Aontaithe faoi oibríochtaí airgeadais BEI a chur in iúl gach bliain agus go dtí go múchfar dliteanas na Ríochta Aontaithe faoin Airteagal sin. Is é an 31 Márta gach bliain ag tosú in 2020 an dáta a léirítear sa Chomhaontú faoi láthair. De bhrí gurbh é an 31 Eanáir 2020 dáta an tarraingt siar, is í an neamhchosaint a bheidh ann an 31 Nollaig 2020 an chéad cheann atá le tuairisciú; dá bhrí sin, ba cheart an chéad teachtaireacht a dhéanamh an 31 Márta 2021. Ba cheart an dara fomhír d'Airteagal 150(8) a leasú dá réir.*

*3.1.6. Baineann Airteagal 145 le haisíoc sciar na Ríochta Aontaithe de ghlansócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC). Aistrítear ioncam na sócmhainní sin chuig an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach (RFCS) a mhaoiníonn tionscadail taighde i réimse an ghuail agus na cruach. Níl na tionscadail sin ina gcuid de CAI agus tá a mbunús dlí féin i bPrótacal Uimh. 37 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hiarmhairtí airgeadais dhul in éag chonradh CEGC agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach. Dá bhrí sin ní chumhdaítear na deontais a bhaineann leis na tionscadail sin le hAirteagail 137 agus 138 den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus níl aon fhorálacha beartaithe maidir leis na deontais leanúnacha sin a bhronnfar ar thairbhithe na Ríochta faoi dheireadh na hidirthréimhse.*

*Is gá, dá bhrí sin, an Comhaontú um Tharraingt Siar a leasú chun an folús dlíthiúil sin a líonadh isteach. Tá sé beartaithe an loighic chéanna a chur i bhfeidhm maidir le deontais faoi RFCS agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le deontais a mhaoinítear faoi CAI. Is é sin le rá gur cheart deontais RFCS a bheidh sínithe le tairbhithe de chuid na Ríochta Aontaithe a urramú go dtí go ndúnfar iad. Bheadh an cur chuige sin i gcomhréir le rialacha maoiniúcháin RFCS ar dá réir a mhaoinítear gealltanais na bliana N le hioncam ó shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach sa bhliain N-2 (is é sin le rá gur le hioncam 2018 atá tionscadail 2020 á maoiniú). Maidir le riail CAI agus aisíocaíocht na sócmhainní leis an Ríocht Aontaithe ón 30 Meitheamh 2021 á cur san áireamh tá sé beartaithe deireadh na hidirthréimhse a chur isteach mar dháta scoite le haghaidh síniúcháin. Ba cheart an tríú mír a chur le hAirteagal 145 den Chomhaontú chun an méid sin a léiriú.*

### 3.2. Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann

Tá an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann curtha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí uathúla atá ar oileán na hÉireann faoi chuimsiú tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Cuimsítear ann forálacha maidir le teorainn chrua idir Éire agus Tuaisceart Éireann a sheachaint agus déantar foráil go mbeidh Tuaisceart Éireann ailínithe le tacar teoranta rialacha a bhaineann le Margadh Aonair an Aontais le haghaidh earraí. In Iarscríbhinn 2 tá liosta d'fhorálacha dlí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 5(4) den Phrótacal, a bhfuil feidhm acu sa chás sin maidir le Tuaisceart Éireann. Ocht ngníomh atá fíor-riachtanach chun rialacha an Mhargaidh

Inmheánaigh d'earraí a chur chun feidhme maidir le Tuaisceart Éireann, is de dhearmad nár liostaíodh san iarscríbhinn sin iad. Ina theannta sin, trí nóta a bhfuil gá leo chun tuilleadh sainmhínithe a dhéanamh ar raon feidhme cur i bhfeidhm gníomhartha sonracha áirithe a liostaíodh in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, is de dhearmad nár cuireadh san áireamh san iarscríbhinn sin iad.

*3.2.1. Treoir (AE) 2019/904 maidir le laghdú ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol*[1]

Cuireann Treoir (AE) 2019/904 chun cinn bealaí cur chuige ciorclacha a lena dtugtar tosaíocht do tháirgí in-athúsáidte inbhuanaithe neamhthocsaineacha agus do chórais athúsáide in ionad táirgí aon-úsáide, agus é mar aidhm acu an dramhaíl a ghintear a laghdú. Tá an Treoir sin comhlántach le Treoir 94/62/CE maidir le pacáistiú agus dramhphacáistiú a chuimsítear cheana in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Is ga an dá ionstraim a chur i bhfeidhm i gcríoch Thuaisceart Éireann chun úsáid cineálacha cur chuige éagsúla a sheachaint maidir le ceanglais lipéadaithe mar shampla agus lena áirithiú gur féidir táirgí a d'fhéadfaí a chur ar mhargadh Thuaisceart Éireann a thabhairt trasna na teorann in Éirinn agus isteach sa chuid eile den mhargadh aonair go sábháilte agus go dlíthiúil.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn sláine an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú a mhéid agus a bhaineann le pacáistiú agus dramhphacáistiú, tá sé beartaithe Treoir (AE) 2019/904 a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann faoi "Dramhaíl" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

*3.2.2. Treoir 2011/91/AE maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann bia-earra*[2]

Le Treoir 2011/91/AE socraítear rialacha de chineál ginearálta cothrománach chun córas coiteann sainaitheanta luchtóg a bhainistiú. Bunaítear léi oibleagáid ghinearálta an luchtóg a léiriú, cuirtear ar fáil eisceachtaí ón oibleagáid, leithdháiltear freagracht as comhlíonadh ar oibreoirí agus tá sonraíochtaí inti maidir le hábhar an táisc agus lena chur ar bhianna.

Is foinse faisnéise úsáideach é an tásc luchtóige nuair a bhíonn bianna ina n-ábhar díospóide nó nuair a bhíonn siad ina nguais sláinte le haghaidh tomhaltóirí iad. Éascaítear leis an cúram a bhíonn ar oibreoirí gnó bia bainistiú a dhéanamh ar tharraingt siar bianna neamhshábháilte as an margadh i dtaca leis an luchtóg bianna neamhshábháilte a aithint go pras agus i dtaca lena mbaint go tráthúil den mhargadh. Is uirlis fhíor-riachtanach é ag na húdaráis náisiúnta i gcomhthéacs imscrúduithe ar an gcalaois in earnáil an bhia.

Cé gurb ann d'oibleagáid ghinearálta tagairt a chur ar fáil do luchtóg déantúsaíochta nó pacáistithe bia réamhphacáistithe ar an leibhéal idirnáisiúnta (Caighdeán Ginearálta Codex Alimentarius maidir le Lipéadú Bianna Réamhphacáistithe), leagtar amach sa Treoir ceanglais chomhchoiteanna de bhreis ar an oibleagáid sin. Ar deireadh, maidir le bianna a thagann isteach san Aontas Eorpach ó thríú tíortha, ní mór dóibh na ceanglais inrianaitheachta a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh ionas gur féidir iad a mhargú go dleathach san Aontas.

1 IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.
2 IO L 334, 16.12.2011, lch. 1.

Ar deireadh, cuireann Treoir 2011/91/AE leis na hoibleagáidí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia a chuimsítear cheana in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn aontacht an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú chomh maith le beatha agus sláinte shaoránaigh an Aontais, tá sé beartaithe Treoir 2011/91/AE a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann faoi "Bia – ginearálta" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

*3.2.3.* *Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le margú síolta plandaí farae*[3]

Leagtar amach i dTreoir 66/401/CEE rialacha a bhaineann le margú síolta plandaí farae laistigh den Aontas. Cuimsítear inti forálacha maidir le teorainn chrua idir Éire agus Tuaisceart Éireann a sheachaint agus déantar foráil go mbeidh Tuaisceart Éireann ailínithe le tacar teoranta rialacha a bhaineann le Margadh Aonair an Aontais le haghaidh earraí.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn margú plandaí farae a chaomhnú san Aontas, tá sé beartaithe Treoir 66/401/CEE a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann faoi "Ábhar atáirgthe plandaí" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

***3.2.4.*** *Treoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha*[4]

Leagtar amach i dTreoir 98/56/CE rialacha a bhaineann le margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha farae laistigh den Aontas. Cuimsítear inti ceanglais maidir le cáilíocht agus sláinte an ábhair sin, a bhféadtar é a mhargú faoi shaoirse san Aontas dá mbun.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha a chaomhnú san Aontas, tá sé beartaithe Treoir 98/56/CE a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann faoi "Ábhar atáirgthe plandaí" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

*3.2.5.* *Treoir 2008/72/CE ón gComhairle an Dé Máirt 15 Iúil 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe agus plandaithe glasraí ornáideacha, seachas síolta*[5]

Leagtar amach i dTreoir 2008/72/CE ón gComhairle rialacha a bhaineann le margú ábhair iomadaithe agus plandaithe glasraí laistigh den Aontas. Cuimsítear ann ceanglais maidir le haitheantas, sláinte agus cáilíocht, chomh maith le beart rialaithe

[3] IO 125, 11.7.1966, lgh. 2298–2308

[4] IO L 226, 13.8.1998, lgh. 16-23

[5] IO L 205, 1.8.2008, lgh. 28-39

le haghaidh an ábhar sin, a bhféadtar é a mhargú faoi shaoirse laistigh den Aontas dá mbun.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn margú ábhair iomadaithe agus plandaithe glasraí a chaomhnú san Aontas, tá sé beartaithe Treoir 2008/72/CE a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann faoi "Ábhar atáirgthe plandaí" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

*3.2.6. Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha*[6]

Le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 cuirtear chun feidhme Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí agus Substaintí Síceatrópacha a glacadh i Vín an 19 Nollaig 1988, coinbhinsiún ina bhfuil an Comhphobal ina pháirtí. Tá sé mar aidhm, go háirithe, ag Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 Airteagal 12 den Choinbhinsiún sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí rialacha Comhphobail a leagan síos maidir le trádáil i substaintí a úsáidtear i monarú aindleathach drugaí agus substaintí síceatrópacha agus trí chóras a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha.

Ina theannta sin, tá dlúthbhaint ag Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhtheachtaithe drugaí, a áirítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann: is le comhcheangal an dá ionstraim seo, agus leis sin amháin a áirithítear córas rialaithe uileghabhálach le haghaidh réamhtheachtaithe drugaí. Rialachán (CE) Uimh. 273/2004, agus sin amháin, a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, chruthófaí leis sin lúb ar lár sa chóras rialaithe le haghaidh réamhtheachtaithe drugaí ós rud é nach mbeadh aon fhaireachán ná rialú ar allmhairiú/aistriú/onnmhairiú réamhtheachtaithe drugaí trí Thuaisceart Éireann a bheadh, dá dheasca sin, ina réigiún tarraingteach do mhonarú drugaí neamhdhleathacha. Anuas air sin, ós rud é nach mbeidh teorainneacha crua idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, d'fhéadfadh réamhtheachtaithe drugaí a chuirfí ar atreo trí Thuaisceart Éireann teacht isteach i bPoblacht na hÉireann (agus ar an gcaoi sin, isteach in áiteanna eile san Aontas) áit a bhféadfaí iad a úsáid le haghaidh monarú drugaí neamhdhleathacha.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn an córas rialaithe le haghaidh monarú réamhtheachtaithe drugaí san Aontas a chaomhnú, tá sé beartaithe Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann faoi "Ceimiceáin agus ábhair ghaolmhara" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

*3.2.7. Rialachán 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú*[7]

Tá sé mar aidhm ag Rialachán 2019/880 oidhreacht chultúrtha an chine dhaonna a chaomhnú agus an trádáil aindleathach in earraí cultúir, nach earraí de chuid an Aontais iad, a chosc, i gcás, go háirithe, ina bhféadfadh an trádáil sin rannchuidiú le maoiniú sceimhlitheoireachta. Chun na críche sin, toirmisctear leis an Rialachán aon

6 IO L 22, 26.1.2005, lch. 1.
7 IO L 151, 7.6.2019, lch. 1.

earraí cultúir a allmhairíodh go neamhdhleathach ó thríú tíortha thabhairt isteach san Aontas. Beidh feidhm ag an toirmeasc ginearálta sin ón 28 Nollaig 2020. Foráiltear leis an Rialachán freisin maidir le rialuithe córasacha ar earraí cultúir nach earraí de chuid an Aontais iad nuair a allmhaireofar isteach san Aontas iad. Toisc go bhfuil an córas rialuithe doiciméadacha — ceadúnais allmhairiúcháin agus ráitis ó allmhaireoirí — ag brath ar chóras láraithe leictreonach, beidh sé infheidhme nuair a bheidh an córas sin ag feidhmiú agus ón 28 Meitheamh 2025 ar a dhéanaí.

Mura gcuirfear Rialachán 2019/880 san áireamh sa liosta d'fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann, d'fhéadfadh earraí cultúir a bheadh faighte le creachadh nó goidte ó thríú tíortha, an Ríocht Aontaithe san áireamh, rochtain a fháil ar mhargadh inmheánach an Aontais trí Thuaisceart Éireann toisc nach mbeidh aon teorainneacha crua idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann agus, ar an gcaoi sin, nach mbeidh aon rialuithe ann ag údaráis chustaim ná údaráis forfheidhmithe dlí. Is cinnte go dtiocfadh oibreoirí calaoiseacha i dtír air sin chun gabháil thart ar rialuithe an Aontais ag an gcéim allmhairiúcháin agus ar an gcaoi sin an Rialachán a dhéanamh neamhéifeachtach.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn sláine an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú a mhéid agus a bhaineann le hearraí cultúrtha a allmhairiú, tá sé beartaithe Rialachán (AE) 2019/880 a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le Tuaisceart Éireann faoi "Eile" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

*3.2.8. Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha*[8]

Leagtar síos le Rialachán 2019/287 forálacha maidir le cur chun feidhme clásal coimirce déthaobhach agus sásraí eile a bhaineann le fabhair tharaife agus cóireáil fhabhrach eile atá sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tír. Tá feidhm ag an Rialachán seo go háirithe maidir leis na comhaontuithe is déanaí arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis an tSeapáin nó le Singeapór mar shampla.

Tá liosta de Rialacháin uile an Aontais maidir le coimircí déthaobhacha in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Ní raibh Rialachán 2019/287 i bhfeidhm tráth a dréachtaíodh an liosta in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

I bhfianaise an mhéid sin, agus d'fhonn cur i bhfeidhm bhearta trádála uile an Aontais maidir le hearraí a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann a chaomhnú, earraí a bhfuil baol ann go bhféadfaí iad a aistriú isteach san Aontas dá éis sin, tá sé beartaithe Rialachán (AE) 2019/287 a chur san áireamh i liosta fhorálacha dlí an Aontais is infheidhme maidir le Tuaisceart Éireann faoi na "Rialacháin maidir le coimircí déthaobhacha" in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉireann/Tuaisceart Éireann.

[8] IO L 53, 22.2.2019, lch. 1.

*3.2.9. Nóta míniúcháin maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 978/2012*[9]

Cuirtear i bhfeidhm le Rialachán (AE) 978/2012 scéim ghinearálaithe an Aontais maidir le fabhair tharaife (GSP). D'fhonn feidhmiú ceart agus sláine Chóras Ginearálaithe um Fhabhair an Aontais (GSP) agus an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a áirithiú, ba cheart an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a eisiamh le haghaidh eilimintí áirithe de raon feidhme chur i bhfeidhm an ghnímh seo.

I bhfianaise a bhfuil thuas, tá sé beartaithe nóta a chur isteach faoin gceannteideal "4. Gnéithe a bhaineann go ginearálta leis an trádáil", san iontráil maidir le Rialachán (AE) 978/2012 gan dochar don fhíric go mbeidh fabhair taraife le haghaidh tíortha incháilithe de bhun GSP an Aontais infheidhme sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann:

– ní thuigfear as na tagairtí do "Ballstát" in Airteagal 9(1)(c) (ii) agus i gCaibidil VI [Forálacha coimirce agus faireachais] i Rialachán (AE) 978/2012 go n-áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann;

– ní thuigfear as na tagairtí do "margadh an Aontais" in Airteagal 2(k) agus i gCaibidil VI [Forálacha coimirce agus faireachais] i Rialachán (AE) 978/2012 go n-áirítear margadh na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann; agus

– ní thuigfear as na tagairtí do "tairgeoirí an Aontais" agus do "tionscal an Aontais" go gcuirtear san áireamh i Rialachán (AE) 978/2012 táirgeoirí agus tionscal, faoi seach, na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

*3.2.10. Nóta míniúcháin maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm rialacháin agus bhearta cosanta trádála an Aontais*

Tá rialacháin bhunúsacha chosanta an Aontais san áireamh in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Chun feidhmiú ceart agus sláine rialacháin cosanta trádála an Aontais agus an Phrótacail maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann a áirithiú, ba cheart raon feidhme gníomhartha áirithe sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a shoiléiriú.

I bhfianaise a bhfuil thuas, tá sé beartaithe nóta a chur isteach i roinn "5. Ionstraimí cosanta trádála" gan dochar don fhíric go mbeidh bearta cosanta trádála an Aontais infheidhme sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ní thuigfear as na tagairtí do "na Ballstáit" nó "an tAontas" i Rialachán (AE) 2016/1036, Rialachán (AE) 2016/1037, Rialachán (AE) 2015/478 agus Rialachán 2015/755 go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, maidir le hallmhaireoirí a d'íoc dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh ar allmhairiú earraí a bhfuarthas imréiteach custaim ina leith i dTuaisceart Éireann, féadfaidh siad aisíocaíocht ar na dleachtanna sin a iarraidh go heisiach de bhun Airteagal 11(8) de Rialachán (AE) 2016/1036 nó Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 faoi seach.

*3.2.11. Nóta míniúcháin maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm bhearta coimirce an Aontais*

Tá rialacháin an Aontais maidir le bearta coimirce déthaobhacha san áireamh in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Chun feidhmiú ceart agus sláine rialacháin an Aontais agus an Phrótacail maidir le

9 IO L 303, 31.10.2012, lch. 1.

hÉirinn agus Tuaisceart Éireann a áirithiú, ba cheart raon feidhme gníomhartha áirithe sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a shoiléiriú.

Gan dochar do bhearta coimirce déthaobhacha an Aontais a bheith infheidhme sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ní thuigfear as na tagairtí do "na Ballstáit" nó "an tAontas" sna rialacháin a liostaítear i roinn 6 "Rialacháin maidir le coimircí déthaobhacha" go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

### 3.3. Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar maidir le comhordú na slándála sóisialta

I gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar tá cinntí agus moltaí an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta nach mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe aird chuí a thabhairt orthu agus na rialacha maidir le comhordú slándála sóisialta á gcur i bhfeidhm (féach Airteagal 31 den Chomhaontú um Tharraingt Siar).

An 19 Nollaig 2018 d'fhormheas an Coimisiún Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta Cinneadh Uimh. F3[10] a bhaineann le léirmhíniú Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i ndáil le modh ríofa an fhorlíonaidh dhifreálaigh. Tá feidhm ag an gcinneadh ó bhí an 16 Iúil 2019 ann; níor liostaíodh é, áfach, i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus ba cheart é a chur leis an liosta inti.

An 27 Meitheamh 2019, d'fhormheas an Coimisiún Riaracháin maidir le Comhordú Córas Slándála Sóisialta Cinneadh Uimh. E7[11] lena leagtar síos na socruithe praiticiúla le haghaidh comhair agus malartú sonraí is infheidhme ón 3 Iúil 2019 agus go dtí go gcuirfear an Córas um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) chun feidhme go hiomlán sna Ballstáit. Níor liostaíodh an cinneadh sin, áfach, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus ba cheart é a chur leis an liosta inti.

## 4. BUNÚS DLÍ

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Is éard atá sa chinneadh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

Baineann aon chuspóir amháin agus clár an ghnímh atá beartaithe, ar thaobh amháin, leis an gComhaontú a leasú chun aghaidh a thabhairt ar nithe a fágadh ar lár agus easnaimh agus, san

[10] IO C 215, 26.6.2019, lch. 2
[11] IO C 73, 6.3.2020, lch. 5.

am céanna, gan na gnéithe ríthábhachtacha atá ann a leasú agus, ar an taobh eile, an Comhaontú a leasú i gcás dá bhforáiltear go sonrach sa Chomhaontú sin.

Is ar Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bunaíodh tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis an mbunphrionsabal nach féidir gníomh a leasú ach amháin le gníomh den chineál céanna, is é Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.1. Conclúid

Ba cheart Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlíthiúil leis an gcinneadh.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

De bhrí go ndéanfar leasú ar an gComhaontú um Tharraingt Siar leis an gcinneadh ón gComhchoiste, is iomchuí go bhfoilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0079 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach maidir le cinneadh a ghlacadh chun an Comhaontú sin a leasú**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("An Comhaontú um Tharraingt") i gcrích ag an Aontas le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[12] an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) Le hAirteagal 164(5)(d) den Chomhaontú um Tharraingt Siar cumhachtaítear don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh lena leasófar an Comhaontú sin, ar choinníoll gur gá na leasuithe sin chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar nithe a fágadh ar lár agus easnaimh eile, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú, agus ar choinníoll nach ndéanfar eilimintí ríthábhachtacha an Chomhaontaithe sin a leasú leis na cinntí sin. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe, agus ní mór don Ríocht Aontaithe na cinntí sin a chur chun feidhme a mbeidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar. I gcomhréir le hAirteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

(3) Bhí dátaí áirithe dá dtagraítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar istigh cheana tráth a dteacht i bhfeidhm, agus ba cheart iad a leasú dá bhrí sin, mar aon leis na coigeartuithe comhfhreagracha, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil.

(4) Níl in Airteagal 145 den Chomhaontú um Tharraingt Siar forálacha lena rialaítear deontais faoin gCiste Taighde um Ghual agus Cruach a deonaíodh do thairbhithe na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus dá bhrí sin ba cheart é a fhorlíonadh ina leith sin chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar i dtaca le deontais leanúnacha.

[12] IO L 29, 31.1.2020, lch. 1.

(5) Níor liostaíodh, de dhearmad, dhá chinneadh ón gCoimisiún Riaracháin maidir le Comhordú Córas Slándála Sóisialta i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, ná níor liostaíodh cúig ghníomh atá fíor-riachtanach chun rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh in earraí a chur chun feidhme in Iarscríbhinn 2 den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Dá bhrí sin ba cheart na cinntí agus na gníomhartha sin a chur leis na hiarscríbhinní sin. Ina theannta sin, tá gá le trí nóta freisin chun raon feidhme cur i bhfeidhm gníomhartha sonracha áirithe a liostaíodh in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a shainmhíniú a thuilleadh. Dá bhrí sin ba cheart na nótaí sin a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann.

(6) Ba cheart don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 164(5)(d) den Chomhaontú um Tharraingt Siar chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin a fágadh ar lár agus ar na heasnaimh sin.

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le tógáil thar ceann an Aontais a bhunú sa Chomhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Dá bhrí sin, maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um Tharraingt Siar maidir le cinneadh ón gComhchoiste atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 164(5)(d) de, is éard a bheidh ann an Comhaontú um Tharraingt a leasú mar a leanas:

1) In Airteagal 135, sa teideal, cuirtear na focail "bhuiséad an Aontais don bhliain 2020" in ionad na bhfocal "bhuiséid an Aontais do na blianta 2019 agus 2020" agus, i mír 1 cuirtear an focal "na bliana" in ionad na bhfocal "na mblianta 2019 agus";

2) In Airteagal 137, sa teideal agus sa chéad fhomhír de mhír 1, scriostar na focail "2019 agus";

3) leasaítear Airteagal 143(1) mar seo a leanas:

   (a) sa dara fomhír cuirtear "31 Iúil 2020" in ionad "31 Iúil 2019";

   (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

   "I gcuntais chomhdhlúite an Aontais a bhaineann leis an mbliain 2020, nochtfar na híocaíochtaí a dhéanfar as an soláthar dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí an 31 Nollaig 2020, maidir leis na hoibríochtaí airgeadais céanna dá dtagraítear sa mhír seo ach a shocrófar ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó dá éis sin.";

4) In Airteagal 144(1) sa dara fomhír, cuirtear "31 Iúil 2020" in ionad "31 Iúil 2019";

5) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 145:

*"I ndáil leis na tionscadail faoin gCiste Taighde um Ghual agus Cruach a bunaíodh le Prótacal 37 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh faoi chomhaontuithe deontais a síníodh go dtí deireadh na hidirthréimhse, leanfaidh dlí an Aontais*

*is infheidhme d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse agus go dtí go ndúnfar na tionscadail. Áireofar leis an dlí is infheidhme de chuid an Aontais go háirithe na forálacha a leanas, lena n-áirítear aon leasuithe ar na forálacha sin, gan beann ar dháta glactha, dáta theacht i bhfeidhm nó dáta chur i bhfeidhm an leasaithe:*

(a) Cinntí 2003/76/CE[13], 2003/77/CE[14] agus 2008/376/CE[15] ón gComhairle;

(b) na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 138(2)(a) agus (c)-(e).";

6) leasaítear Airteagal 150 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) sa cheathrú habairt, cuirtear "15 Deireadh Fómhair" in ionad "15 Nollaig" agus cuirtear "2020" in ionad "2019";

(ii) sa chúigiú habairt, cuirtear "15 Deireadh Fómhair 2031" in ionad "15 Nollag 2030";

(b) leasaítear mír 8 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear "2020" in ionad "2019";

(ii) sa chéad abairt den dara fomhír, cuirtear "2021" in áit "2020".

7) In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, cuirtear isteach na nótaí seo a leanas:

(a) Faoi "4. Gnéithe trádáilbhunaithe ginearálta", tar éis na hiontrála a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle":

"Gan dochar don fhíric go mbeidh fabhair tharaife le haghaidh tíortha incháilithe de bhun Scéim Ghinearálta um Fhabhair an Aontais infheidhme sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann:

– ní thuigfear as na tagairtí do "Ballstát" in Airteagal 9(1)(c) (ii) agus i gCaibidil VI [Forálacha coimirce agus faireachais] i Rialachán (AE) 978/2012 go n-áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann;

– ní thuigfear as na tagairtí do "margadh an Aontais" in Airteagal 2(k) agus i gCaibidil VI [Forálacha coimirce agus

---

13 Cinneadh 2003/76/CE ón gComhairle an 1 Feabhra 2003, lena mbunaítear na bearta is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach, maidir le hiarmhairtí airgeadais dhul in éag Chonradh CEGC agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus a dhul in éag (IO L 29, 5.2.2003, lch. 22).

14 Cinneadh 2003/77/CE ón gComhairle an 1 Feabhra 2003 lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní CEGC le linn leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, bhainistiú Shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (IO L 29, 5.2.2003, lch 25).

15 Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla le haghaidh an chláir sin (IO L 130, 20.5.2008, lch. 7).

faireachais] i Rialachán (AE) 978/2012 go n-áirítear margadh na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann; agus

– ní thuigfear as na tagairtí do "tairgeoirí an Aontais" agus do "tionscal an Aontais" go gcuirfear san áireamh i Rialachán (AE) 978/2012 táirgeoirí agus tionscal, faoi seach, na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann."

(b) Faoi "5. Ionstraimí cosanta trádála" faoi theideal na ranna:

"Gan dochar do bhearta cosanta trádála an Aontais a bheith infheidhme sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ní thuigfear as na tagairtí do "na Ballstáit" ná "an tAontas" i Rialachán (AE) 2016/1036, Rialachán (AE) 2016/1037, Rialachán (AE) 2015/478 agus Rialachán 2015/755 go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, maidir le hallmhaireoirí a d'íoc dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh ar allmhairiú earraí a bhfuarthas imréiteach custaim orthu i dTuaisceart Éireann, féadfaidh siad aisíocaíocht ar na dleachtanna sin a iarraidh go heisiach de bhun Airteagal 11(8) de Rialachán (AE) 2016/1036 nó Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 faoi seach."

(c) Faoi "6. Rialacháin maidir le coimircí déthaobhacha" faoi theideal na ranna:

"Gan dochar do bhearta coimirce déthaobhacha an Aontais a bheith infheidhme sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ní thuigfear as na tagairtí do "na Ballstáit" ná "an tAontas" sna rialacháin a liostaítear thíos go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann."

8) In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann cuirtear isteach na gníomhartha seo a leanas:

– Faoi "6. Rialacháin maidir le coimircí déthaobhacha": Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha[16];

– Faoi "23. Ceimiceáin agus ábhair ghaolmhara": lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha[17];

– Faoi "25. Dramhaíl": Treoir (AE) 2019/904 maidir le laghdú ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol[18];

– Faoi "29. Bia — ginearálta": Treoir 2011/91/AE ón gComhairle maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann bia-earraí[19];

16 IO L 53, 22.2.2019, lch. 1.
17 IO L 22, 26.1.2005, lch. 1.
18 IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.

– Faoi “42. Ábhar atáirgthe plandaí”: Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le margú síolta plandaí farae[20]; Treoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí ornáideacha[21]; agus Treoir 2008/72/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síolta[22]

– Faoi “47. Eile”: Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú[23].

9) I gCuid I d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, cuirtear na gníomhartha seo a leanas leis:

– Faoi “Malartú Sonraí Leictreonacha (Sraith E)”: Cinneadh Uimh. E7 ón gCoimisiún Riaracháin maidir le Comhordú Córas Slándála Sóisialta a bhaineann leis na socruithe praiticiúla le haghaidh comhair agus malartú sonraí is infheidhme agus go dtí go gcuirfear Córas um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) i bhfeidhm go hiomlán sna Ballstáit[24];

– Faoi “Sochair Teaghlaigh (Sraith F)”: Cinneadh Uimh. F3[25] an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta a bhaineann le léirmhíniú Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le modh ríofa an fhorlíonaidh dhifreálaigh

*Airteagal 2*

Foilseofar an cinneadh ón gComhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

19 IO L 334, 16.12.2011, lch. 1.
20 IO 125, 11.7.1966, lgh. 2298–2308
21 IO L 226, 13.8.1998, lgh. 16-23
22 IO L 205, 1.8.2008, lgh. 28-39
23 IO L 151, 7.6.2019, lch. 1.
24 IO C 73, 6.3.2020, lch. 5.
25 IO C 215, 26.6.2019, lch. 2